# PREASEISIÚINT Uimh. 8/26

**Lucsamburg, 27 Eanáir 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-271/23 | an Coimisiún v An Ungáir (Athaicmiú cannabais)

## Mainneachtain Stáit: trí vótáil i gcoinne chomhsheasamh na Comhairle maidir le hathaicmiú cannabais, sháraigh an Ungáir dlí an Aontais

*Sháraigh an Ungáir inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais sa réimse seo, mar aon le prionsabal an chomhair dhílis, agus ní fhéadfaidh sí neamhdhleathacht an chomhsheasaimh a ardú mar agóid*

I Samhain 2020, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh cinneadh [1] maidir leis an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn an tseisiúin de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha a bhí le teacht [2]. Bhí sé de chuspóir ag an gComhsheasamh sin, go háirithe, aicmiú cannabais agus substaintí gaolmhara i gCoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a leasú, i gcomhréir le moladh ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Tráth an vóta ar na moltaí sin, ní hamháin gur vótáil ionadaí na hUngáire i gcoinne an chomhsheasaimh arna ghlacadh ag an gComhairle, ach rinne sé dearbhú fiú a bhí ag teacht salach ar an gcomhsheasamh sin.

Mar fhreagairt air sin, thionscain an Coimisiún Eorpach caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne na hUngáire. Dar leis an gCoimisiún, sháraigh an Ungáir inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, an cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcomhsheasamh, agus prionsabal an chomhair dhílis. Ina cosaint, d’áitigh an Ungáir go príomha go raibh cinneadh na Comhairle neamhdhleathach.

**Ina breithiúnas, deimhníonn an Chúirt dearcadh an Choimisiúin agus rialaíonn sí gur mhainnigh an Ungáir ina hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais.**

Tugann an Chúirt faoi deara go sainmhínítear sa Chinneadh Réime ón gComhairle [3] maidir le gáinneáil ar dhrugaí an coincheap ‘druga’ trí thagairt do Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe thuasluaite [4]. **Cinntí lena leasaítear aicmiú na substaintí sna Coinbhinsiúin sin**, féadfaidh siad tionchar a bheith acu ar na pionóis dá bhforáiltear leis an gCinneadh Réime sin, ionas go bhféadfaidh siad difear a dhéanamh go díreach do dhlí an Aontais agus dlí an Aontais a athrú. Dá réir sin, tagann an seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit thar ceann an Aontais i bhfianaise cinntí den sórt sin **faoi inniúlacht eisiach an Aontais [5], agus sháraigh an Ungáir an inniúlacht sin sa chás seo trína cuid iompair sa chás seo.** Sháraigh an Ballstát sin freisin, mar sin, an cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcomhsheasamh a ghlacadh i bhfeidhmiú na hinniúlachta seachtraí sin.

De bhun phrionsabal an chomhair dhílis [6], cuirtear de cheangal le hAirteagal 4(3) CAE ar na Ballstáit cúnamh a thabhairt don Aontas a chuspóirí a ghnóthú agus staonadh ó aon bheart a d’fhéadfadh gnóthú na gcuspóirí sin a chur i gcontúirt. Sa chás seo, **trí vótáil** i gcomhlacht idirnáisiúnta i gcoinne chomhsheasamh na Comhairle, **chuir an Ungáir an prionsabal sin i mbaol, mar aon le prionsabal na haontachta in ionadaíocht idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstáit**. Trí imeacht ón straitéis chomhchoiteann a leagadh síos sa Chomhairle, déantar cumhacht chaibidlíochta an Aontais i ndáil leis na páirtithe eile sa Choinbhinsiún a lagú.

Ar deireadh, sonraíonn an Chúirt, **i gcomhthéacs caingean mar gheall mar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, nach féidir le Ballstát neamhdhleathacht** gnímh d’institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ar bith den Aontas a ardú. B’ionann sin agus ligean do Bhallstát ‘ceart a bhaint amach lena lámh féin’, trí shárú a dhéanamh ar dhlí

an Aontais ar dtús, agus fanacht go dtí go dtionscnódh an Coimisiún imeachtaí ina choinne i gcomhthéacs caingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, rud a bheadh ar neamhréir leis an smacht reachta agus leis na dualgais dlúthpháirtíochta ar ghlac na Ballstáit leo agus atá mar chuid de bhunchlocha chóras dlí an Aontais. Ní dhéantar difear don mhéid sin ach i gcás ina ndéanann an Ballstát agóid i gcoinne gníomh **a bhfuil lochtanna thar a bheith tromchúiseach agus follasach ag baint leo, a oiread sin gur féidir a mheas nach ann don ghníomh**.

**NÓTA:** Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir.

I gcás ina measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg pionóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasuitear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cinneadh (AE) 2021/3 ón gComhairle an 23 Samhain 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le linn athghairm an 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le liostú cannabais agus substaintí gaolmhara sna sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971.

[2] Tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ar cheann de choimisiúin feidhmiúcháin Chomhairle Eacnamaíocht agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (Ecosoc).

[3] Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí.

[4] An Coinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú leis an bPrótacal ó 1972, lena leasaítear an Coinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna thabhairt i gcrích i Nua Eabhrach an 30 Márta 1961 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, iml. 520, Uimh. 7515).

[5] Airteagal 3(2) CFAE.

[6] Leagtar síos prionsabal an chomhair dhílis in Airteagal 4(3) CAE.